

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAELGE, EARRACH 2021

SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAELGE

PÁIPÉAR II – 100 MARC
(80 MARC ANSEO AGUS 20 MARC DO ‘TEANGA AGUS CULTÚR’)

Uair agus leathuair an chloig don pháipéar seo (10.00-11.30). Dhá cheist a fhreagairt, ceist amháin as gach Roinn.

ROINN A

PRÓS

Freagair Ceist 1 nó Ceist 2

1. “Cé go bhfuil caighdeán maireachtála rachmasach ag Joan, is bean mhíshona bhrónach í sa scéal ‘Triúrmhilleadh,’ le Seán Mac Mathúna.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don scéal mar thacaíocht le do fhreagra.

(40 marc)

2. “Tugann an aiste ‘La Fontaine,’ le Breandán Ó Doibhlin, léiriú cumasach ar shaibhreas fhabhalscéalta La Fontaine.”
Déan an ráiteas sin a phlé agus tagair don aiste mar thacaíocht le do fhreagra.

(40 marc)

ROINN B

FILÍOCHT

Freagair Ceist 3 nó Ceist 4

3. “Tugann ‘An Broc,’ le Pádraig Mac Fhearghusa, léargas den scoth ar thréithe agus ar nósanna an bhroic.”

Pléigh an ráiteas sin agus luaigh línte ón dán mar thacaíocht le do fhreagra.
(40 marc)

AN BROC

Dán do pháistí

Is mise an Broc!
Os comhair stróinséirí
táim beagáinín cúthaileach.
'Sea, fíor dhuit,
is nós liom
bualadh amach istoíche,
ach más é is fearr leat,
fáilte romhat isteach
go fóill
im bhrocais.
Á! Fan!
Níl do lapaí
glan go leor.
An doras cúil
a chaithfidh tú
a thabhairt ort féin.
Buail fút ansan anois
sa tseomra bídh,
mar a bhfuil suipéar breá
réidh dár mbeirt
de bhleibíní, pucha,
is dearcáin –
Bíodh frog agat
mar mhilseog ina dhiaidh,
is ós oíche spéirghealaí
'tá againn,
téanam sall ar ball beag
thar an gcoill
go n-ólaimis braon dí
i nGort an tSrutháin.

4. “Cuirtear an óige i gcodarsnacht leis an tseanaois sa dán ‘An Gleann inar Tógadh Mé,’ le Dubhghlas de hÍde.”
Pléigh an tuairim sin agus tagair don dán mar thacaíocht le do fhreagra.

(40 marc)

AN GLEANN INAR TÓGADH MÉ

Ó áit go háit ba bhreá mo shiúl
Is dob ard mo léim ar bharr an tsléibhe;
I long is i mbád ba mhór mo dhúil
'S ba bheo mo chroí i lár mo chléibh.
Mar chos an ghiorria a bhí mo chos,
Mar iarann gach alt is féith,
Bhí an sonas romham thall 's abhus
Sa ghleann 'nar tógadh mé.

Ba chuma liomsa fear ar bith,
Ba chuma liom an domhan iomlán;
Mar rith an fhia a bhí mo rith,
Mar shruth an tsléibhe ag dul le fán.
Is ní raibh rud ar bith sa domhan
Nach ndéanfainn, dá mba mhaith liom é.
Do léim an bád ar bharr na habhann
Sa ghleann 'nar tógadh mé.

Ní hamhlaidh tá sé liom anois
Do bhí mé luath is tá mé mall
Níl fhios agam cad é a bhris
Sean-neart mo chroí is lúth na mball;
Do rinne mé mórán 's fuair mé fios
Ar mhórán - och! níor sásaíodh mé.
Mo léan, mo léan, gan mé arís
Óg sa ghleann 'nar tógadh mé!